Europäisches Patentamt
European Patent Office
Office européen des brevets




# An pacáiste maidir le paitinne aonadach

An Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí don nuálaíocht agus d’infheisteoirí

Meán Fómhair 2024

# Cuirfidh an Phaitinn Aonadach

le hiomaíochas na hEorpa trí chóras láraithe na hEorpa um deonú paitinní atá ann cheana a fhorlíonadh agus a neartú. In éineacht le Cúirt Aontaithe na bPaitinní, cuireann sí rogha costéifeachtach ar fáil d'úsáideoirí maidir le cosaint paitinne agus réiteach díospóidí ar fud na hEorpa agus ar an gcaoi sin spreagann sí taighde, forbairt agus infheistíocht i dteicneolaíocht ar thús cadhnaíochta. Is céimeanna ríthábhachtacha iad seo i dtreo margadh aonair AE don teicneolaíocht a bhaint amach.





# An OEP agus córas paitinní atá ilroinnte tar éis dheonú san Eoraip

Mar an oifig phaitinne don Eoraip, tacaíonn Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP) le nuálaíocht, iomaíochas agus fás eacnamaíoch ar fud na hEorpa. Ní institiúid de chuid an Aontais é OEP ach is institiúid idir-rialtasach ar leith é a bunaíodh ar bhonn an Choinbhinsiúin um an bPaitinn Eorpach (CPE).

Scrúdaíonn agus deonaíonn OEP go lárnach **paitinní Eorpacha** do 39 Stát Conarthach faoin CPE, lena n-áirítear ní amháin Ballstáit uile an Aontais ach roinnt stát nach Ballstáit iad freisin. Sábhálann sé seo na costais a bhaineann le hiarratais chomhthreomhara ar phaitinn ag roinnt oifigí náisiúnta paitinne ar aireagóirí agus ag an am céanna cinntíonn sé go bhfuil na paitinní a dheonaítear ar ardchaighdeán.

Mar sin féin, ní ceart aonadach atá i gceist leis an bpaitinn Eorpach a dheonaítear ach beart de phaitinní náisiúnta, rud a chiallaíonn go gcaithfear í a bhailíochtú agus a chothabháil ina haonar i ngach tír ina mbeidh éifeacht le bheith aici. Is féidir go mbeidh an próiseas seo a bheith casta agus costasach mar go bhféadfadh sé go gcaithfí na doiciméid paitinne a aistriú go teangacha eile, go gcaithfear táillí náisiúnta bailíochtaithe agus athnuachana a íoc ina n-aonar agus is mór an méid na costais a bhaineann le haturnaetha áitiúla agus soláthraithe seirbhíse a fhostú sna tíortha éagsúla.

**Is féidir go mbeidh an próiseas seo casta agus costasach, ní mór táillí a íoc agus is mór an méid na costais i dtíortha éagsúla.**

# An Phaitinn Aonadach: cosaint paitinne níos simplí agus níos leithne ar chostas níos ísle

**Cuireann an Phaitinn Aonadach** deireadh leis na heasnaimh sin trína chur ar chumas aireagóirí cosaint aonfhoirmeach phaitinne a fháil do chríoch iomlán Bhallstáit an Aontais atá rannpháirteach sa chóras ar bhealach níos simplí agus níos saoire.

Forlíontar an nós imeachta láraithe réamhdheontais ag OEP anois le nós imeachta láraithe iardheontais: in ionad a bpaitinn Eorpach a bhailíochtú ina n-aonar i roint stát, is féidir le dílseánaigh Paitinn Aonadach a fháil anois trí iarratas aonair a chomhdú leis an OEP, a fheidhmíonn mar ionad ilfhreastail atá freagrach freisin as an bPaitinn Aonadach agus na híocaíochtaí táillí gaolmhara a riar go lárnach. Laghdaíonn sé seo go mór an rómhaorlathas agus na costais a bhaineann leis. D'fhág an sean chóras ilroinnte iardheontas gurb éigin táillí athnuachana éagsúla de mhéideanna éagsúla agus in airgeadraí éagsúla a íoc le hoifigí náisiúnta paitinne éagsúla, a bhfuil ceanglais dhlíthiúla éagsúla acu freisin, go háirithe ó thaobh teorainneacha ama de. Anois íocann dílseánaigh na bPaitinní Aonadacha táille athnuachana aonair in airgeadra aonair leis an OEP agus faoi socrú amháin maidir le teorainneacha ama agus maidir leis na modhanna íocaíochta a nglactar leo. Ní hamháin go bhfágann sé seo go mbíonn an próiseas i bhfad níos simplí ach tugtar an deis leis freisin costais ollmhóra a shábháil, toisc gur féidir leis na dílseánaigh féin cúram a dhéanamh de chursaí riaracháin.


Ina theannta sin, níl costas ar bith ar iarratas a dhéanamh ar Phaitinní Aonadacha rud a chiallaíonn nach mbeidh aon táillí comhdaithe, scrúdaithe nó clárúcháin iníoctha le OEP as seo. Socraíodh an táille athnuachana do Phaitinn Aonadach freisin ar leibhéal an-tarraingteach agus atá fabhrach do ghnó: beidh an costas iomlán a bhaineann le paitinn a chothabháil don chéad deich mbliana, is é sin meánshaolré paitinne arna deonú ag an OEP, níos lú ná EUR 5 000.

## Táillí athnuachana don phaitinn aonadach

| | | | |
|---|---|---|---|
| – | — | 11 ú bliain | **€ 1 460** |
| An dara bliain | **€ 35** | 12 ú bliain | **€ 1 775** |
| an tríú bliain | **€ 105** | 13 ú bliain | **€ 2 105** |
| an ceathrú bliain | **€ 145** | 14 ú bliain | **€ 2 455** |
| 5 ú bliain | **€ 315** | 15 ú bliain | **€ 2 830** |
| 6 ú bliain | **€ 475** | 16 ú bliain | **€ 3 240** |
| 7 ú bliain | **€ 630** | 17 ú bliain | **€ 3 640** |
| 8 ú bliain | **€ 815** | 18 ú bliain | **€ 4 055** |
| 9 ú bliain | **€ 990** | 19 ú bliain | **€ 4 455** |
| 10 ú bliain | **€ 1 175** | 20 ú bliain | **€ 4 855** |

— Táille bhreise ar tháille athnuachana dhéanach a íoc = 50% den táille athnuachana dhéanach (Airt 2(1), mír 2, RFeesUPP)
— Laghdú 15% ar an táille athnuachana i gcás ceadúnas cirt (Riail 12 UPR, Airt 3 RFeesUPP)

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chostas Paitinne Aonadaigh i gcomparáid le cosaint choibhéiseach i gceithre phríomhthír Eorpacha faoin sheanchóras paitinne Eorpach, féach ar shuíomh Gréasáin OEP.**



Clúdaíonn an Phaitinn Aonadach na 18 stát seo: an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSualainn.

Cé gur féidir leis an bPaitinn Aonadach Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh a chumhdach, tá cosaint ar fáil faoi láthair do 18 mBallstáit orthu sin. D'fhéadfadh stáit eile bheith páirteach amach anseo. Le bheith cumhdaithe leis an bPaitinn Aonadach, ní mór do Bhallstáit de chuid an Aontias páirt a ghlacadh sa chomhar feabhsaithe (go dtí seo 25 Ballstát) agus an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní ("Comhaontú CAP") a dhaingniú.

# Cúirt Aontaithe na bPaitinní (CAP): forfheidhmiú láraithe agus deimhneacht dhlíthiúil méadaithe

## Forfheidhmiú láraithe tríd an gCúirt Aontaithe na bPaitinní nua

Tá forghníomhú breithiúnach ag éirí i bhfad níos simplí freisin. Roimhe seo, bhí dlínse eisiach ag na cúirteanna náisiúnta ar dhlíthíocht paitinní. Mar shampla, b'éigean caingne cúlghairme i gcoinne paitinní Eorpacha a thabhairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta ach ní raibh éifeacht le cinneadh gach cúirte ach ar chríoch an stáit sin. D'fhéadfadh go gciallódh sé sin uaireanta go gcaithfí dlíthíocht comhuaineach a dhéanamh i mBallstáit éagsúla, agus ní hamháin go raibh an córas ilroinnte a d'eascair as sin costasach agus thar a bheith casta do na páirtithe go léir ach bhí an baol ann freisin go mbeadh cinntí náisiúnta ag teacht salach ar a chéile.

Leis an gCúirt Aontaithe na bPaitinní (CAP) nua tugtar isteach creat aonfhoirmeach, speisialaithe agus éifeachtach le haghaidh dlíthíochta paitinní ar leibhéal Eorpach. Is cúirt fhornáisiúnta arna bunú faoi chonradh idirnáisiúnta – an Comhaontú maidir le Cúirt Aontaithe na bPaitinní – í CAP a bhuil dlínse aici ar dhíospóidí, lena n-áirítear caingne i ndáil le sáruithe agus le cúlghairm, a bhaineann le Paitinní Aonadacha agus le paitinní Eorpacha faoin sheanchóras araon (cé go mbeidh feidhm ag roinnt eisceachtaí ina leith sin ar feadh idirthréimhse go dtí 31). Bealtaine 2030). Is fóram nua éifeachtach é an CAP speisialaithe chun paitinní a fhorfheidhmiú agus agóid a dhéanamh ina gcoinne, rud a théann chun sochair aireagóirí, tríú páirtithe agus an pobal i gcoitinne. Is féidir le dílseánaigh paitinní a gcuid paitinní a fhorghníomhú ar bhealach níos éifeachtúla anois, agus féadfaidh tríú páirtithe agus an pobal i gcoitinne a iarraidh go ndéanfaí Paitinní Eorpacha agus Aonadacha a chúlghairm in aon nós imeachta láraithe amháin. Leis seo curitear deireadh le díospóidí comhthreomhara faoin bpaitinn chéanna i dtíortha éagsúla agus mar sin bíonn dlíthíocht i bhfad níos saoire. Ina theannta sin, cuireann CAP le deimhneacht dhlíthiúil trí dheireadh a chur leis an mbaol go mbeidh cinntí náisiúnta ag teacht salach ar a chéile agus tríd an gcásdlí a chomhchuibhiú.

# Spreagadh trádála agus infheistíochta

Tuigter anois go gcuireann tionscail a bhfuil úsáid níos airde ná an meán á baint acu as maoin intleachtúil, agus go háirithe as paitinní, níos mó le OTI agus le trádáil eachtrach. Mar sin féin, is teoranta fós an méid a chuireann siad le sreafaí trádála agus infheistíochta dírí eachtraí (FDI) idir tíortha an Aontais, rud a thugann le tuiscint go bhfuil acmhainneacht ann nach mbaintear leas as chun margadh aonair AE don teicneolaíocht a bhaint amach. Is cinnte gur curieadh cosc le cineál ilroinnte an chórais Eorpaigh maidir le paitinní roimhe seo ar chúrsaíocht aireagán paitinnithe i measc thíortha an Aontais. Ní dhearnadh an chuid is mó de phaitinní Eorpacha a bhailíochtú ach i gcúpla Ballstát de chuid an Aontais chun an costas a bhainfeadh lena mbailíochtú agus a gcothabháil a shábháil.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ag comhchuibhiú na cosanta paitinne arna thabhairt ag an bPaitinn Aonadach ar shreafaí trádála agus FDI i dtionscail ina mbaintear úsáid fhairsing as maoin intleachtúIL agus as an teicneolaíocht. De réir staidéir a rinne an OEP i gcomhar le hOllscoil Colorado Boulder agus an London School of Economics, d'fhéadfadh méadú 2% (EUR 14.6 billiún) le hailíniú tíortha AE ar an gcaighdeán cosanta paitinne is fearr atá ann cheana féin., ar insreafaí trádála bliantúla agus méadú 15% (EUR 1.8 billiún) ar insreafaí bliantúla FDI a ghiniúint sna tionscail sin san Aontas Eorpach.

**De réir staidéir a rinneadh, d'fhéadfadh ailíniú arna déanamh ag tíortha an Aontais ar an gcaighdeán cosanta paitinne is fearr atá ann cheana féin méadú 2% a ghiniúint ar insreafaí trádála bliantúla agus méadú 15% ar insreafaí bliantúla FDI.**

Ina theannta sin, éascófaí leis an gcosaint leathan chríche a chuirtear ar fail leis an bPaitinn Aonadach aistrithe teicneolaíochta trasteorann agus comhoibriú ar fud tíortha Eorpacha. Cuideoidh clár lárnach ina mbeidh faisnéis faoi stádas dlíthiúil maidir le haistrithe Paitinní Aonadacha agus ceadúnais – lena n-áirítear ceadúnais chearta – chun margadh éifeachtach a bhunú d'aistriú teicneolaíochta sna Ballstáit rannpháirteacha. Beidh an margadh don teicneolaíocht níos cuimsithí freisin: éascófar leis aistrithe teicneolaíochta agus comhoibriú taighde le páirtithe atá lonnaithe i dtíortha nár bailíochtaíodh paitinní Eorpacha iontu go dtí seo. Ar deireadh, bainfidh aistrithe teicneolaíochta leas freisin as an laghdú ar tháillí athnuachana atá ar fáil do dhílseánaigh paitinne a dheonaíonn ceadúnais.



# Buntáistí iolracha do chuideachtaí, go háirithe FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus ollscoileanna

**Beidh fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta in ann cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu agus cathain ar cheart uas-scálú a dhéanamh agus dul isteach i margaí nua.**

Tá go leor buntáistí ag baint le córas nua na bPaitinní Aonadacha d'iarratasóirí, go háirithe iad siúd a bhfuil acmhainní teoranta acu, amhail fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), gnólachtaí nuathionscanta agus ollscoileanna, ar a bhfuil todhchaí gheilleagar na hEorpa ag brath go mór.

Tá ról lárnach ag cearta maoine intleachtúla maidir le cuidiú leis na haonáin bheaga seo teicneolaíochtaí nua a thabhairt chun an mhargaidh. Cuireann siad ar a gcumas tairbhí a bhaint as a gcruthaitheacht, a n-aireagán agus a n-infheistíocht agus mar sin cruthaíonn siad dreasacht le haghaidh tuilleadh infheistíochta agus nuálaíochta.

Bhí claonadh ag go leor eintiteas beag a d'úsáid paitinní roimhe seo dul I muinín ar chearta náisiúnta. Mar thoradh air sin, ba mhinic nach raibh aon chosaint éifeachtach acu ar a n-aireagáin san Eoraip ar chor ar bith nó ní raibh cosaint acu ach i líon an-bheag tíortha. Le córas na bPaitinní Aonadacha cuirtear deireadh leis na constaicí maorlathacha agus airgeadais atá roimh na heintitis bheaga seo agus iad ag dul isteach i margadh an Aontais lena n-aireagán, rud a chuireann ar a gcumas dul in iomaíocht níos fearr lena gcuid iomaitheoirí. Beidh FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a chláraíonn Paitinn Aonadach i riocht níos fearr chun cinneadh a dhéanamh cé acu agus cathain ar cheart uas-scálú a dhéanamh agus dul isteach i margaí nua, ag brath ar rathúlacht an táirge nó ar dheiseanna gnó nua i margaí eile de chuid an Aontais. Leis an bPaitinn Aonadach cuirtear cosaint leathan ar fáil d'institiúidí taighde maidir le haireagáin a bhfuil cuma na maitheasa orthu ag céim luath, ag éascú comhpháirtíochtaí trasteorann agus aistrithe teicneolaíochta de réir mar a théann an teicneolaíocht in aibíocht.

Faoi shean chóras Eorpach na bpaitinní – I bhfianaise a chastacht agus an ghá a d'fhéadfadh a bheith le dlíthíocht chomhthreomhar i go leor dlínsí – is ar éigean go raibh eintitis bheaga déileáil go héifeachtach le dlíthíocht paitinní, bíodh sé mar éilitheoir nó mar chosantóir. Cinntíonn costas laghdaithe na dlíthíochta os comhair an CPA anois nach mbraitheann rochtain ar cheartas agus forghníomhú na cosanta paitinne ar chumhacht airgeadais a thuilleadh.

Ina theannta sin, tá scéim chúitimh agus laghdaithe táillí i bhfeidhm dóibh siúd a bhfuil acmhainní teoranta acu. Tá daoine nádúrtha, FBManna, eagraíochtaí neamhbhrabúis, ollscoileanna agus eagraíochtaí taighde poiblí a chomhdaíonn iarratas rathúil i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais seachas Béarla, Fraincis nó Gearmáinis i dteideal cnapshuime cúitimh EUR 500 ar a gcostas aistriúcháin.

Níos tábhachtaí fós, tá na táillí ag an CPA socraithe chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir a chinntiú go ndéanann páirtithe ranníocaíocht leordhóthanach i leith a gcostas agus prionsabal na rochtana córa ar cheartas. Mar shampla, áirítear leis na rialacha maidir le táillí cúirte bearta lena n-áirithítear nach ngearrtar ráta laghdaithe ach 60% ar FBManna. Ina theannta sin, i gcás ina dtugann FBM fianaise réasúnta go bhfuil méid na dtáillí cúirte iníoctha ina bhagairt ar a shaol eacnamaíoch, féadfaidh an CPA cuid de na táillí sin nó fiú na táillí go léir a aisíoc. Chun an riosca dlíthíochta a theorannú níos mó fós, féadfaidh an CPA teorainn a leagan síos maidir le costais in-aisghabhála don pháirtí a n-éireoidh leis dá bhféadfadh na costais sin saol eacnamaíoch an pháirtí a chaillfidh a chur i mbaol.

# Cathain ar cuireadh tús leis an gcóras nua?

Tháinig córas nua na bPaitinní Aonadacha i bhfeidhm **an 1 Meitheamh 2023**, nuair a thosaigh Cúirt Aontaithe na bPaitinní ag feidhmiú.



**Arna fhoilsiú agus arna chur in eagar ag**
Oifig Eorpach na bPaitinní
© EPO Meán Fómhair 2024
epo.org/unitary

**Freagrach as an ábhar:**
Stiúrthóireacht na Forbartha Paitinní & Saotharlann IP (D 5.2.1) agus Rannóg na bPaitinní Aonadacha (D 5.3.2.2)

**Seoladh:**
Bob-van-Benthem-Platz 1 | 80469 München
an Ghearmáin

**Teil.:**
+49 89 2399-0

**Ríomhphost:**
support@epo.org